Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10219/19**

**COEST 137**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10098/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh don chomhar réigiúnach sa Mhuir Dhubh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh don chomhar réigiúnach sa Mhuir Dhubh mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 17 Meitheamh 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh don chomhar réigiúnach sa Mhuir Dhubh**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas seanbhunaithe maidir le rathúnas, cobhsaíocht agus athléimneacht a chothú i limistéar na Mara Duibhe. Á mheabhrú di go bhfuil Tionscnamh Shineirge na Mara Duibhe mar an bunús do rannpháirtíocht an Aontais sa réigiún i gcónaí, is díol sásaimh don Chomhairle an t-athbhreithniú air a rinne an tArdionadaí agus an Coimisiún Eorpach, a dhearbhaíonn a luach praiticiúil agus a rannchuidiú dearfach le comhar réigiúnach i limistéar na Mara Duibhe.

2. Leagann an Chomhairle béim ar thábhacht mhéadaitheach straitéiseach limistéar na Mara Duibhe don Aontas agus iarrann sí go mbeidh rannpháirtíocht fheabhsaithe sa chomhar réigiúnach ansin, i gcomhréir le prionsabail Straitéis Dhomhanda an Aontais agus Beartas athbhreithnithe Comharsanachta na hEorpa. Go háirithe, cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé na deiseanna nua maidir le forbairt, athléimneacht agus nascacht eacnamaíoch a thapú sa réigiún agus níos faide i gcéin.

3. Is cúis imní i gcónaí don Chomhairle dúshláin na slándála i limistéar na Mara Duibhe. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur bunriachtanach maidir le cur chuige an Aontais don chomhar réigiúnach i limistéar na Mara Duibhe iad meas ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabail an neamhspleáchais, na ceannasachta agus na hiomláine críochaí, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, lena n-áirítear saoirse loingseoireachta, chomh maith le cinntí beartais an Aontais agus a bheartas neamhaitheantais maidir le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar earnáil-dírithe agus pragmatach le tionscnamh Shineirge na Mara Duibhe a bhfuil sé mar aidhm aige cur leis an muinín, idirphlé réigiúnach a chothú agus torthaí nithiúla a bhaint amach a bheidh chun leasa an réigiúin agus an Aontais araon. Aithníonn an Chomhairle breisluach an chur chuige ón mbun aníos ar fhorbairt tionscadail agus cineál cuimsitheach, deonach Shineirge na Mara Duibhe agus a cur chun feidhme. Le rannpháirtíocht fheabhsaithe AE maidir le comhar réigiúnach i limistéar na Mara Duibhe ba cheart tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn chur chun feidhme Shineirge na Mara Duibhe.

5. Molann an Chomhairle go háirithe an gealltanas, a baineadh amach le tacaíocht ón Aontas, ó na sé stát chladachúla agus ó Phoblacht na Moldóive oibriú le chéile i dtreo geilleagar gorm níos inbhuanaithe. Is díol sásaimh don Chomhairle an clár comhchoiteann muirí don Mhuir Dhuibh ar an 21 Bealtaine 2019, clár oibre comhair imchuach farraige a comhaontaíodh le linn chruinniú na nAirí i mBúcairist, agus a chuireann le Dearbhú Airí Burgas ar an 31 Bealtaine 2018; agus an clár oibre taighde agus nuálaíocht straitéiseach don Mhuir Dubh, a seoladh i mBúcairist, ar an 8 Bealtaine 2019, a leanann ar aghaidh le fís-pháipéar Burgas ar an 31 Bealtaine 2018. Is céim shuntasach chun tosaigh iad an dá chlár oibre sin ionsar chomhar réigiúnach feabhsaithe i limistéar na Mara Duibhe maidir le gnóthaí mara agus iascach, ag díriú ar an ngeilleagar gorm. Áirítear ar na nithe sin inbhuanaitheacht comhshaoil, calafoirt chliste, turasóireacht, taighde agus nuálaíocht, tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus scileanna agus poist ghorma. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de threoir agus de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do chur chun feidhme an dá chlár oibre sin sna blianta amach romhainn. Molann an Chomhairle do na stáit lena mbaineann tosaíochtaí na gclár oibre sin a chur san áireamh i ndáil lena gcláir thrasnáisiúnta, trasteorann agus náisiúnta.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé comhar agus idirphlé réigiúnach a spreagadh i measc eagraíochtaí na sochaí sibhialta i réigiún na Mara Duibhe d'fhonn forbairt inbhuanaithe a éascú agus athléimneacht na sochaí a mhéadú. Is tosaíocht i gcónaí don Aontas é spás a chruthú don tsochaí shibhialta. Iarrann an Chomhairle go mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach ann le hionadaithe na sochaí sibhialta agus go dtacófar le Fóram ENR na Mara Duibhe.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá dlúthchomhar leanúnach le pobail áitiúla agus ionadaithe acadúla agus gnó. Tacaíonn an Chomhairle le comhar trasteorann don Mhuir Dhubh, go háirithe an clár comhpháirteach oibríochtúil d'imchuach farraige na Mara Duibhe, mar spreagadh tábhachtach don chomhar i measc geallsealbhóirí áitiúla agus réigiúnacha, le torthaí nithiúla do leas na bpobal cósta.

8. Aithníonn an Chomhairle go rannchuideodh comhar réigiúnach feabhsaithe i limistéar na Mara Duibhe le cur chun feidhme Straitéis an Aontais chun an Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile, agus a ceithre thosaíocht i ndáil le hiompar, fuinneamh, digitiú agus daoine a nascadh le chéile. Molann an Chomhairle don Ardionadaí agus don Choimisiún Eorpach 'ról traschóirithe imchuach na Mara Duibhe' a chruthú tuilleadh agus a idirnascacht a áirithiú tuilleadh.

9. Molann an Chomhairle naisc níos fearr idir Sineirge na Mara Duibhe agus beartais agus straitéis AE eile atá ábhartha don réigiún, go háirithe le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Danóibe. Tá gníomhaíochtaí comhpháirteacha i réimsí an chomhshaoil, an iompair agus an fhuinnimh ábhartha go háirithe.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar idir an tAontas agus na príomheagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta atá gníomhach i limistéar na Mara Duibhe, go háirithe Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíoch na Mara Duibhe agus an Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir. Athdhearbhaíonn an Chomhairle aidhm an Aontais a bheith ina chomhalta iomlán den Choinbhinsiún maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint ar Thruailliú. Cuireann an Chomhairle san áireamh go háirithe gur gá comhar feabhsaithe idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus aeráide i limistéar na Mara Duibhe. Leagann an Chomhairle béim ar an ról tábhachtach atá ag na Ballstáit sna formáidí réigiúnacha sin, mar chomhaltaí agus mar bhreathnóirí, chun rannpháirtíocht an Aontas a chur chun cinn agus tacú le comhar réigiúnach i limistéar na Mara Duibhe.

11. Molann an Chomhairle malartú taithí agus ceachtanna a foghlaimíodh le foirmeacha ábhartha eile den chomhar réigiúnach, amhail Diminsean an Tuaiscirt, comhar thart ar an Aigéan Atlantach, chomh maith le Muir Bhailt, Muir Aidriad agus Iónach, agus an Mheánmhuir.

12. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil rialta a thabhairt maidir le cur chun feidhme Shineirge na Mara Duibhe. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú suntasach ar bheartas an Aontais maidir le limistéar na Mara Duibhe, de réir mar is gá, bunaithe ar thorthaí an chomhair réigiúnaigh i limistéar na Mara Duibhe agus forbairt bhreise ar chuspóirí an Aontais ansin.

13. Molann an Chomhairle don Ardionadaí agus don Choimisiún Eorpach aird chuí a thabhairt ar Shineirge na Mara Duibhe sa chlárú maidir le comhar airgeadais agus teicniúil amach anseo; sineirgí idir ionstraimí maoiniúcháin éagsúla don fhorbairt réigiúnach inbhuanaithe a neartú; chomh maith leis sin, comhoibriú le hinstitiúidí airgeadais infheistíocht agus meascadh cistí a spreagadh le haghaidh tionscadail i limistéar na Mara Duibhe.

14. Cuireann an Chomhairle i bhfios a thábhachtaí atá sé plean cumarsáide a fhorbairt chun tacú le rannchuidiú an Aontais le comhar réigiúnach i limistéar na Mara Duibhe, agus chun infheictheacht obair an Aontais agus na mBallstát a mhéadú.